

Cairt Cultúir na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais



Misean na Roinne

Is é ár misean sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais dul i mbun oibre ar mhaithe le hÉire níos sábháilte agus níos cothroime. Déanaimid sin trí fhéachaint le slándáil pobail agus náisiúnta a choinneáil, dlí agus ceart agus comhionannas a chur chun cinn agus cearta daoine agus saoirsí bunúsacha a chosaint ar mhaithe le leas an phobail.

I gcomhar le comhghleacaithe ar fud na Státseirbhíse, déanaimid fónamh don Stát agus do mhuintir na hÉireann trí chomhairle oibiachtúil atá bunaithe ar fhianaise a thabhairt don Rialtas, trí fhreagairt d'fhorbairtí agus cuspóirí Rialtais a sheachadadh agus ag an am céanna féachaint leis na torthaí is fearr a bhaint amach chun leasa na tíre san fhadtéarma agus fónamh do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara go héifeachtach, go cothrom agus go measúil trí chóras atá oscailte, trédhearcach agus cuntasach.

Cultúr agus Luachanna na Roinne

Luach	Geallaimid
Oscailteacht	<ul style="list-style-type: none">• Déanaimid cumarsáid ar bhealach ionraic agus cuiditheach lena gcothaítear timpeallacht atá bunaithe ar iontaobh.• Téimid i gcomhairle agus i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara agus leis an bhfoireann, éistimid lena dtuairimí agus tugaimid aird orthu.• Spreagaimid trédhearcacht trí fhaisnéis a bhaineann le pleananna/cinntí a roinnt, sainmhíniú beacht a thabhairt ar shaincheisteanna agus lena mbaineann siad agus a bheith forghníomhach inár gcumarsáid faoinár gcuid oibre.
Seirbhísí Poiblí ar Ardchaighdeán a sholáthar	<ul style="list-style-type: none">• Bíonn leas an phobail i gcroílár gach a ndéanaimid agus bímid toilteanach faisnéis a roinnt d'fhonn cuidiú leis an bpobal.• Caitear le dínit agus go measúil le daoine agus aithnítear na cúinsí deacra atá le sárú ag go leor díobh.• Féachaimid le seirbhís den scoth a chur ar fáil don phobal agus tacú leis an bhfoireann túsline chun seirbhís ar ardchaighdeán, sofhreagrach a chur ar fáil agus muid coinsiasach faoin tionchar atá aici ar shaol daoine.

Forghníomhach

- Creidimid i bpleanáil don todhchaí agus fócas straitéiseach fadtéarmach ar shonraí agus ar thaighde a spreagadh.
- Geallaimid beartais inoibrithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a mbeidh tionchar dearfach acu ar an bpobal agus ar an earnáil. Déantar sin trí teacht a bheith orainn agus aird a bheith againn ar riachtanais agus ar chuspóirí na n-eagraíochtaí atá i bpáirt linn agus an phobail.
- Agus beartais inoibrithe á gcur i bhfeidhm againn féachfaimid leis na cinntí cearta a ghlacadh i gcomhthéacs na bhfachtóirí eile uile inár dtimpeall – sóisialta, polaitíocht, eacnamaíocht, teicneolaíocht srl.
- Tá meon dearfach againn i dtaobh ár gcuid oibre. Déanaimid pleanáil do riachtanais a bheadh ann amach anseo agus táimid réidh d'athruithe gan choinne. Cuidíonn sin linn dúshláin a shárú, muid féin a chur in oiriúint agus a bheith nuálach don todhchaí.


Gairmiúil & Tacúil

- Leagaimid caighdeán arda síos ag gach leibhéal den eagraíocht, ag féachaint i gcónaí a bheith níos fearr fós i ngach a ndéanaimid.
- Féachaimid a bheith chomh éifeachtach agus is féidir i dtaobh ár gcuid acmhainní ar fad lena n-áirítear sonraí, teicneolaíocht agus na foirne d'fhonn seirbhís ar ardchaighdeán, gairmiúil a


	<p>chur ar fáil go himheánach agus go seachtrach.</p> <ul style="list-style-type: none">• Tá mórtas againn as ár gcuid oibre agus féachaimid lena chinntiú go mbíonn meas ag ár gcomhghleacaithe, ár gcustaiméirí, an rialtas, páirtithe leasmhara agus pobal na hÉireann orainn mar ghairmithe atá éifeachtach, inniúil, oilte, agus iontaofa.
Cumhachtú & Cuntasacht	<ul style="list-style-type: none">• Is mór againn ionracas pearsanta agus táimid cuntasach i ndáil leis na cinntí a ghlacaimid.• Spreagaimid cultúr iontaofachta ionas go bhféadfaidh an fhoireann a bheith muiníneach cinntí a dhéanamh agus a thuiscint go bhfuil tacaíocht ar fáil nuair a bhíonn cinntí á nglacadh, gan imní faoi mhilleán.• Táimid uailmhianach agus nuálach, ag iarraidh feabhsú i gcónaí ach ag an am céanna comhleanúnach sna cinntí a ghlactar.
Ceannaireacht i gComhar	<ul style="list-style-type: none">• Tá cultúr láidir agus iontaofa ceannaireachta againn, i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara, leis an bhfoireann agus le comhghleacaithe ar fud Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí d'fhonn plé le saincheistanna.• Déanaimid obair, comhordú agus spreagadh i gcomhar lenár bpáirt-eagraíochtaí lena chinntiú go bpléitear le saincheistanna ar bhealach éifeachtach agus rannpháirtiúil.

	<ul style="list-style-type: none">• Cinntímid go bhfuil guth leanúnach ar fud na Roinne agus bímid ag cur an t-am ar fad le hinniúlachtaí d'fhonn bealaí a fhorbairt chun oibriú i gcomhar agus go cuiditheach le páirtithe leasmhara.
Iontaoibh & Meas	<ul style="list-style-type: none">• Aithnímid dínit na foirne, na bpáirtithe leasmhara, ár bpáirtnéirí agus an pobal agus tá meas againn uirthi. Geallaimid timpeallacht a chruthú ina bhfuil meas ar éagsúlacht.• Cothaímid iontaoibh trína a bheith freagrach agus cumasach, trí mheas a bheith againn ar shaineolas agus ar thaithí ár gcuid páirtnéirí agus a léiriú nuair atá ciall ceannaithe ó shaincheisteanna roimhe seo.• Cruthaímid timpeallacht mheasúil, trína chinntiú go gcleachtar príomhluachanna iompair mar ionracas, tuiscint, suáilceas, iontaoibh agus dea-bhéasa i ngach a ndéanaimid.
Tabharfaidh na luachanna seo an misneach dúinn difear a dhéanamh i ngach a ndéanaimid.	


Geallann baill déanamh de réir na luachanna sin




Noel Waters
Ard-Rúnaí Gníomhach



Ken O'Leary
Leas-Rúnaí



Michael Flahive




James Martin




Conan McKenna



Michael Donnellan



Oonagh McPhillips



John O'Callaghan




Marion Walsh




Michael Walsh




Michael Kirrane



Dale Sunderland



Thomas Maguire



Eugene Banks



Vivian Geiran



Andrew Munro



Peter Mullan

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

51 Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

D02 HK52

Ló-Ghlao: 1890 221 227

Láithreán Gréasáin: www.justice.ie

© 2016 An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

